# 11 Maoiniú eisceachtúil Stáit don *Peter McVerry Trust*

**11.1** Is comhlacht ceadaithe tithíochta (CCT) é *Peter McVerry Trust* (an tIontaobhas), a chuireann seirbhísí easpa dídine ar fáil ar fud an Stáit. I measc na seirbhísí a chuirtear ar fáil, tá na cinn seo a leanas: feidhmiú na mbrúnna do dhaoine gan dídean agus na mol do theaghlaigh, agus soláthar seirbhísí do dhaoine aonair a bhfuil riachtanais chasta tacaíochta acu. Faoi láthair, cuireann an tIontaobhas seirbhísí ar fáil do bhreis agus 2,000 cliant in 71 láthair, agus tá sé ag obair le tuairim is 600 tionóntacht Tithíochta Ar dTús.[1] Tá an tIontaobhas ar an eagraíocht neamhrialtasach is mó (ENR) a sholáthraíonn lóistín éigeandála do dhaoine gan dídean sa Stát.

**11.2** De réir ráitis airgeadais an Iontaobhais, sa tréimhse 2019 – 2022, fuair an tIontaobhas díreach os cionn €140 milliún ar an iomlán ó fhoinsí Stáit chun tacú lena sholáthar seirbhísí. B'ionann maoiniú arna fhoinsiú ón Stát agus idir 53% agus 72% d'ioncam iomlán an Iontaobhais gach bliain sa tréimhse sin (féach Fíor 11.1).

**Fíor 11.1** **Maoiniú arna fhoinsiú ón Stát le hais ioncam iomlán an Iontaobhais, 2019 go 2022[a]**




Foinse: Ráitis airgeadais *Peter McVerry Trust*, 2019 – 2022

Nóta: a Chun a chinntiú go bhfuil gach rud cruinn, tá an Roinn ag tabhairt faoi athbhreithniú faoi láthair ar na figiúirí tuairiscithe ag an Iontaobhas maidir leis an tsuim a tháinig óna Vóta.

**11.3** Is í an Fheidhmeannacht um Dhaoine ar Easpa Dídine Réigiún Bhaile Átha Cliath (FDEDRBÁC) an phríomhghníomhaireacht reachtúil a thugann freagairt ar an easpa dídine i mBaile Átha Cliath, agus is í an maoinitheoir Stáit is mó ag an Iontaobhas í (féach Fíor 11.2).[2] Cuireann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (an Roinn) maoiniú ar fáil don DEDRBÁC, faoi fho-cheannteideal A.13 — Lóistín do dhaoine gan dídean ó chlár Tithíochta Vóta 34.[3,4]

1 Is cur chuige á threorú ag an tithíocht é Tithíocht Ar dTús, a chuireann ar chumas na ndaoine a mbíodh ag codladh amuigh nó ag baint úsáid as lóistín éigeandála go fadtéarmach, a bhfuil riachtanais chasta acu chun lóistín buan, slán a fháil, le soláthar na dtacaíochtaí diana chun cabhrú leo a dtionóntachtaí a choinneáil.

2 Tá FDEDRBÁC bunaithe i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, agus tá cur chuige seirbhíse comhroinnte aige idir Comhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Seans go bhfuil Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gceist sna tagairtí a dhéantar síos tríd an tuarascáil do FDEDRBÁC.

3 Cuireann fo-cheannteideal A.13 lóistín ar fáil do dhaoine gan dídean, seirbhísí bainteacha chun tacú leis na daoine sin agus seirbhísí dóibh siúd atá i mbaol na heaspa dídine, lena n-áirítear bearta coinneála tionóntachtaí.

4 Cuireann an Roinn maoiniú ar fáil freisin d'údaráis áitiúla eile, taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, a chuireann maoiniú ar fáil don Iontaobhas.

**Fíor 11.2 An maoiniú Stáit a soláthraíodh don Iontaobhas, 2022[a]**




Foinse: Tuairisc Stiúrthóirí agus Ráitis Airgeadais Athshonraithe *Peter McVerry Trust* CTR don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2022: nóta 5.2 Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Cuirtear an t-ioncam iarchurtha san áireamh sna figiúirí ioncaim mar a thuairiscítear i nóta 18 de na ráitis airgeadais.

b Thuairiscigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) maoiniú dar luach €5.7 milliún don Iontaobhas in 2022. Dúirt FSS i ndiaidh rannpháirtíochta idir FSS agus an tIontaobhas, gur cosúil go mbaineann an difríocht sna figiúirí le maoiniú FSS 2021 a aithnítear i ráitis airgeadais an Iontaobhais in 2022.

**11.4** I mí na Samhna 2023, d'fhaomh an Rialtais maoiniú eisceachtúil don Iontaobhas dar luach suas le €15 milliún. Cuireadh an méid sin ar fáil do FDEDRBÁC ó fho-cheannteideal A.13: €3.9 milliún in 2023, agus an t-iarmhéid €11.1 milliún sa chéad ráithe de 2024. Bhí roinnt coinníollacha i gceist leis an maoiniú eisceachtúil (féach Aguisín 11A).

**11.5** Rinneadh an scrúdú seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

- socrúcháin mhaoirseachta na Roinne maidir le maoiniú a chuirtear ar fáil don Iontaobhas
- na tosca atá mar bhun leis an ngá maoiniú eisceachtúil a fháil, agus
- monatóireacht na Roinne ar na coinníollacha a bhaineann leis an maoiniú eisceachtúil.

**11.6** Chuir an fhoireann imscrúdaithe foireann na Roinne faoi agallamh, rinneadh athbhreithniú ar cháipéisí a bhaineann leis an ngnáthmhaoiniú agus leis an maoiniú eisceachtúil araon, agus chuathas i dteagmháil le maoinitheoirí eile Stáit an Iontaobhais.

## Maoiniú na seirbhísí easpa dídine

**11.7** Cuirtear maoiniú do sheirbhísí do dhaoine gan dídean ar fáil ó Vóta 34 i gcomhréir le hAlt 10 den Acht Tithíochta 1988. B'ionann luach íocaíochtaí faoi fho-cheannteideal A.13 Lóistín do dhaoine gan dídean agus €317 milliún in 2023 (2022: €242.4 milliún).

**11.8** Ní thugann an Roinn maoiniú do sheirbhísí do dhaoine gan dídean go díreach — sreabhann an maoiniú do sholáthraithe seirbhísí do dhaoine gan dídean ón Roinn chuig údarás áitiúil i gcáil an údaráis áitiúil mar údarás reachtúil tithíochta, agus ina dhiaidh sin chuig na soláthraithe seirbhísí.[1] Faoi na socrúcháin mhaoinithe atá i bhfeidhm, is féidir le húdaráis tithíochta suas le 90% a aisghabháil ón Roinn den chaiteachas arna thabhú go réasúnta.

1 In Alt 38 den Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 leagtar amach na riachtanais d'údarás tithíochta chun fóram comhairliúchán na heaspa dídine a bhunú. Éilíonn Alt 39 go gceapann an príomhúdarás grúpa bainistíochta, chun plean gníomhaithe don easpa dídine a chur le chéile.

**11.9** Bunaíodh fóram comhairliúcháin do dhaoine gan dídean i ngach réigiún. Socraíonn grúpa bainistíochta gach fóraim seirbhísí agus ceanglais mhaoinithe a réigiúin agus cuireann sé togra do chlár maoinithe faoi bhráid na Roinne. I ndiaidh don Roinn athbhreithniú a dhéanamh air, socraítear leithdháileadh tarmligthe maoinithe do gach réigiún. Éilítear ar údaráis áitiúla tuairiscí ráithiúla airgeadais agus feidhmíochta a chur faoi bhráid na Roinne faoi dheireadh gach ráithe, a ndéanann an Roinn athbhreithniú orthu sula dtugtar an maoiniú.[1] Cuirtear maoiniú ar fáil do chaiteachas arna threorú ag éileamh, amhail lóistín príobháideach éigeandála, ar fáil in éineacht leis an leithdháileadh maoinithe ar leith.

**11.10** Gníomhaíonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (CCBÁC) mar phríomhúdarás tithíochta thar ceann na gceithre údarás áitiúil i gcathair agus i gcontae Bhaile Átha Cliath. Cuireann sí maoiniú ar fáil do sheirbhísí do dhaoine gan dídean trí bhíthin FDEDRBÁC.

### *Maoirseacht na Roinne ar sholáthar maoinithe*

**11.11** Tá na prionsabail, nósanna imeachta agus ceanglais tuairiscithe atá le leanúint i mbainistíocht an mhaoinithe deontais leagtha amach i gciorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (an Roinn Caiteachais Phoiblí) dar teideal *Bainistíocht agus freagracht maidir le deontais ó airgead an Státchiste*.[2] Baineann forálacha an chiorcláin le haon nó le gach aistriú chun tosaigh den mhaoiniú sin.

**11.12** Éilítear i gciorclán 13/2014 cineál agus minicíocht chuí an tuairiscithe airgeadais agus feidhmíochta, le rochtain deontóra ar thaifid a bhaineann le hábhar a choinníonn an deontaí, lena n-áirítear próifílí caiteachais, próifílí airgid thirim, gnáthchuntais bhainistíochta agus cuntais iniúchta bhliantúla, de réir mar is cuí.[3] Éilítear sa chiorclán go gcinntíonn an comhaontú maoinithe deontais go gcuirtear an deontaí ar an eolas faoi chearta iniúchta an deontóra.

**11.13** Chuir FDEDRBÁC an Roinn ar an eolas gur thug gnólacht iniúchóireachta faoi iniúchadh seachtrach ar roinnt seirbhísí dá gcuirtear maoiniú ar fáil faoi Alt 10, thar ceann FDEDRBÁC in 2019. Cuireadh trí sheirbhís an Iontaobhais san áireamh san iniúchadh.[4] Dúirt FDEDRBÁC leis an Roinn nach bhfuarthas aon torthaí suntasacha le linn an phróisis iniúchóireachta.

**11.14** Tá comhaontú bliantúil prótacail i bhfeidhm idir an Roinn agus CCBÁC, ina leagtar amach na socrúcháin mhaoinithe a chuirtear ar fáil do lóistín do dhaoine gan dídean agus seirbhísí bainteacha. Tá príomhghnéithe an phrótacail sin agus na gníomhartha ar tugadh fúthu le fáil i bhFíor 11.3.[5]

**11.15** Le linn 2022, thug an Roinn faoi spotseiceálacha ar 18 soláthróir seirbhísí do dhaoine gan dídean, agus íocaíochtaí á seiceáil dar luach €2.3 milliún (0.95%) le chéile, ón iomlán €242.4 milliún de chaiteachas faoi fho-cheannteideal A.13. Bhí spotseiceáil amháin i gceist leis an tseiceáil, ar chaiteachas *Peter McVerry Trust*, inar lorgaíodh sonraisc chun bunús a thabhairt le caiteachas dar luach €94,206 sa chéad ráithe. Mhínigh FDEDRBÁC don Roinn nach bhfuil an maoiniú sa chéad ráithe bunaithe ar shonraisc agus dá bharr sin nárbh fhéidir leis an Roinn ach seiceáil rialaithe a dhéanamh ar shonraisc i ráithí 2, 3 nó 4. Ghlac an Roinn le míniú FDEDRBÁC, agus dúirt sí go smaoineofar ar spotseiceáil eile a dhéanamh ar shonraisc sa chéad ráithe eile, ach ní dhearnadh é sin.

1 Dearbhaíonn an Stiúrthóir Airgeadais agus an Stiúrthóir Tithíochta ó gach príomhúdarás réigiúnach na tuairiscí ráithiúla airgeadais. Déanann an Roinn na híocaíochtaí de réir an sceidil chomhaontaithe íocaíochta a eisíodh le húdaráis áitiúla réigiúnacha.

2 Is soláthar airgeadais é deontas, a thagann ó Vóta, do ghníomhaíocht nó do sheirbhís ar leith a reáchtálann nó a dtugann comhlacht seachtrach faoi, lena n-áirítear gníomhaireachtaí, comhlachtaí, coistí, grúpaí comhairliúcháin, carthanachtaí nó daoine aonair.

3 De réir chiorclán 13/2014, is é an seasamh réamhshocraithe a ghlactar go gcaithfear deontais a íoc ar bhonn an chaiteachais dhearbhaithe, mura rud é go bhfaightear faomhadh roimh ré do réamh-mhaoiniú ón Roinn Caiteachais Phoiblí.

4 Is iad seo a leanas seirbhísí an Iontaobhais a cuireadh san áireamh san iniúchadh: *St Catherine's Foyer;* Sráid Camden; agus Cé Ellis.

5 Tá na socrúcháin phrótacail leagtha amach sa tuarascáil seo bunaithe ar phrótacal 2022.

**Fíor 11.3 Príomhghnéithe mhaoirseacht na Roinne ar CCBÁC agus/nó FDEDRBÁC**

**Comhlíonadh na gceanglas reachtúil agus na nósanna imeachta airgeadais phoiblí lena n-áirítear *inter alia* an *Cód Caiteachais Phoiblí* agus ciorclán 13/2014[a]**

Dúirt an Roinn go dtagraíonn FDEDRBÁC do chur i bhfeidhm chiorclán 13/2014 sna comhaontuithe leibhéal seirbhíse atá aige le soláthraithe seirbhísí agus go ndéantar monatóireacht ar fheidhmíocht na soláthraithe seirbhísí do dhaoine gan dídean trí phríomhtháscairí feidhmíochta agus trí chomhaontuithe leibhéal seirbhíse.

Dúirt an Roinn nach ndéanann sí athbhreithniú ar chomhaontuithe leibhéal seirbhíse na ndeontaithe toisc go mbaineann na comhaontuithe sin leis na húdaráis áitiúla agus leis na soláthraithe seirbhísí do dhaoine gan dídean.

Tá maoirseacht theoranta ag an Roinn ar chur i bhfeidhm chiorclán 13/2014 FDEDRBÁC agus ar na seiceálacha a dhéanann FDEDRBÁC maidir leis an monatóireacht feidhmíochta. Arna iarraidh sin, éilítear ar FDEDRBÁC faisnéis a chur ar fáil a bhaineann le maoiniú tarmligthe faoi phrótacal d'iniúchóir rialtais áitiúil nó don Roinn.

**Ceanglais réamhfhógra i gcás go bhfuil an caiteachas níos mó ná an buiséad/maoiniú faofa**

I gcás go bhfuil coinne leis go mbeidh caiteachas na seirbhíse do dhaoine gan dídean níos mó ná an maoiniú Státchiste leithdháilte, caithfidh CCBÁC an Roinn a chur ar an eolas faoi sin roimh ré.

In 2022, bhí an caiteachas níos mó ná an leithdháileadh tarmligthe maoinithe agus chuir CCBÁC an Roinn ar an eolas maidir leis sin tríd an bpróiseas prótacail tuairiscithe.

**Ceanglais tuairiscithe**

Déanann FDEDRBÁC athbhreithniú agus deimhníonn sé tuairiscí ráithiúla airgeadais a bhaineann le caiteachas na soláthraithe seirbhísí do dhaoine gan dídean. Cuireann sé tuairiscí agus staitisticí na ndaoine gan dídean faoi bhráid na Roinne i gcomhréir leis na dátaí taiscthe sa phrótacal, agus déanann an Roinn cinnte de go ndeimhnítear na tuairiscí airgeadais. Déanann an Roinn athbhreithniú ar an gcostas agus ar an gcaiteachas do gach seirbhís, chun difríochtaí a aimsiú agus, má ritheann aon cheist léi, cuirtear ar FDEDRBÁC í. Níl aon tairseach i bhfeidhm maidir leis na difríochtaí agus is faoi rogha na Roinne a bhunaítear an measúnú sin.

Tá clár spotseiceála i bhfeidhm ag an Roinn do chaiteachas dearbhaithe na seirbhísí a dtuairiscítear orthu sa tuairisc ráithiúil. Agus é sin ráite, níl aon nós imeacht doiciméadaithe ann maidir le spotseiceálacha.

Foinse: 2022 Comhaontú prótacail idir an Roinn agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Anailís le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Tugadh cothrom le dáta ceanglais chaiteachais chaipitiúil den *Chód Caiteachais Phoiblí* i mí an Mhárta 2023.

### *Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta*

**11.16** I dtéarmaí an phrótacail bhliantúil maoinithe atá i bhfeidhm idir mo Roinnse agus CCBÁC déantar freagracht a tharmligean go sainráite ar CCBÁC as maoiniú a eisíoc le haghaidh seirbhísí do dhaoine gan dídean do na húdaráis áitiúla agus i réigiún Bhaile Átha Cliath (lena n-áirítear an príomhúdarás réigiúnach féin).[1] Dá réir sin, glacann CCBÁC freagracht deontóra faoi chiorclán 13/2014. Is ábhair le haghaidh na n-údarás áitiúil iad feidhmiú seirbhísí do dhaoine gan dídean, lena n-áirítear socruithe conarthacha agus comhaontuithe leibhéal seirbhíse le soláthraithe seirbhíse.

**11.17** Tá seiceálacha agus maoirseacht i bhfeidhm idir mo Roinn féin agus údaráis áitiúla i ndáil le próiseas an bhuiséid bhliantúil. Déanann mo Roinn iniúchadh ar thograí bliantúla buiséid a chuireann údaráis áitiúla faoina bráid. Más ann do dhifríocht ar bith i ndáil le buiséad ar comhaontaíodh air roimhe sin, cuireann mo Roinn ceist ar an údarás áitiúil agus iarrann miondealú sonrach ar na costais. I dteannta phróiseas an bhuiséid, pléann mo Roinn le húdaráis áitiúla maidir le gach togra seirbhíse nua agus déanann sí measúnú ar iarratais aonair chun a chinntiú go bhfuil luach ar airgead i gceist leo, go bhfuil siad bunaithe ar riachtanas sainaitheanta agus go bhfuil siad comhlíontach leis na treoirlínte ar sholáthar agus chaiteachas poiblí.

**11.18** Bíonn cruinniú ag mo Roinn

- le FDEDRBÁC ar bhonn míosúil chun na saincheisteanna go léir a phlé i ndáil le soláthar seirbhíse, lena n-áirítear saincheisteanna oibriúcháin, airgeadais agus rialachais agus aon saincheisteanna a bhaineann le feidhmíocht i ndáil le soláthar seirbhíse.
- le húdaráis áitiúla ar bhonn ráithiúil chun saincheisteanna airgeadais a phlé i ndáil le ceanglais rialachais a ghabhann leis an gCreat Náisiúnta um Chaighdeáin Cháilíochta.

### ***Airleacain thráthrialta maoinithe***

**11.19** Tá sé ceaptha go mbeidh maoiniú ó údaráis áitiúla do sholáthraithe seirbhísí do dhaoine gan dídean i riaráistí ar bhonn aisghabhála, agus cuirtear mionsonraí an chaiteachais dhearbhaithe ar fáil sula ndéantar íocaíochtaí. Le Ciorclán 13/2014 éilítear gur cheart go bhfaighfí ceadú roimh ré ón Roinn Caiteachais Phoiblí i gcás ina bhfuil réamh-mhaoiniú faighteora deontais beartaithe.

**11.20** An 24 Márta 2023, d'íoc FDEDRBÁC airleacan dar luach €338,000 le haghaidh ceann de sheirbhísí an Iontaobhais ón maoiniú beartaithe do ráithe 2 2023 le haghaidh an Iontaobhais. Níl aon taifead ann a thugann le fios go raibh an Roinn ar an eolas faoin airleacan sin maoinithe ná gur thug sí faomhadh lena aghaidh.

**11.21** An 9 Meitheamh 2023, d'íoc FDEDRBÁC airleacan dar luach €1.3 milliún de mhaoiniú ráithe 3 2023, tar éis iarratais trí ríomhphost ó FDERBÁC ar an Iontaobhas inar iarradh mionsonraí na dtionscadal a raibh íocaíocht de dhíth orthu. Dúirt FDERBÁC nár iarr sé cead ón Roinn an t-airleacan sin a íoc, ós rud é gurbh í an Roinn a chuir an t-iarratas ar aghaidh chuige.

**11.22** An 5 Iúil 2023, d'iarr an tIontaobhas íocaíocht luathaithe i ndáil le cion de mhaoiniú ráithe 3 ó FDERBÁC, arbh fhiú €3.1 milliún é.

1 Tá príomhúdarás réigiúnach do dhaoine gan dídean ag gach réigiún, a bhfágtar an leithdháileadh réigiúnach faoi agus a bhfuil freagracht aige as eisíoc an mhaoinithe ar fud na n-údarás tithíochta sa réigiún.

**11.23** An 10 Iúil 2023, scríobh POF an Iontaobhais (mar a bhí i bhfeidhm ag an am) go díreach leis an Roinn le rá go raibh deacrachtaí sreafa airgid ag an Iontaobhas in éineacht le dliteanais mhóra creidiúnaithe, agus iarradh ar an Roinn airleacan de mhaoiniú ráithe 3 a bhreithniú mar ábhar práinne ar mhaithe le ham a thabhairt don Iontaobhas

- sraith de thionscnaimh athstruchtúraithe agus inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm
- méid mór fiachais a bhí ann cheana a aisghabháil, agus
- am a thabhairt do bhearta nua um ghiniúint ioncaim le teacht i bhfeidhm.

**11.24** Dúirt an Roinn, ós rud é gur faoi FDERBÁC iad íocaíochtaí le soláthraithe seirbhíse, gur chuir sí an t-iarratas ar réamh-mhaoiniú ar aghaidh go FDERBÁC. Dúirt FDERBÁC gur thoiligh sé d’iarratas an Iontaobhais ós rud é go raibh sé laistigh de na gnáthshocruithe íocaíochta laistigh den ráithe, agus go bhfuair an tIontaobhas iarmhéid a chuid íocaíochtaí le haghaidh ráithe 3 mar ba ghnách.

**11.25** I mí Lúnasa 2023, cheap FDERBÁC an comhlacht seirbhísí gairmiúla agus iniúchóireachta PwC chun athbhreithniú airgeadais agus rialachais a dhéanamh ar an Iontaobhas, agus chun a fhéimheacht a iniúchadh.

**11.26** An 15 Meán Fómhair 2023, d’íoc FDERBÁC airleacan ó mhaoiniú beartaithe an Iontaobhais le haghaidh ráithe 4 i ndáil le ceann amháin de sheirbhísí an Iontaobhais, agus €662,000 an méid a bhí i gceist an uair sin. Níl aon taifead ann a thugann le fios gur thug an Roinn faomhadh don airleacan sin. Dúirt FDERBÁC gur íoc sé an t-airleacan ar an gcoinníoll

- go gcuirfí an íocaíocht san áireamh sna réamh-mheastacháin sreafa airgid go dtí deireadh na bliana, agus
- go bpléifeadh an tIontaobhas go hiomlán le hathbhreithniú PwC.

**11.27** An 9 Samhain 2023, d’fhaomh an Roinn réamhíocaíocht ag FDERBÁC leis an Iontaobhas dar luach nach mór €2 mhilliún, agus é sin ina chion den mhaoiniú le haghaidh ráithe 1 2024. Ina dhiaidh sin, an 17 Samhain 2023, réamhíoc FDERBÁC nach mór €1.5 milliún leis an Iontaobhas. An 22 Nollaig 2023, réamhíoc FDERBÁC nach mór €3.8 milliún breise leis an Iontaobhas.

**11.28** Níor fhaomh an Roinn an dara réamhíocaíocht (mí na Nollag 2023) Dúirt FDERBÁC áfach, go raibh sé curtha in iúl ag PwC dó fein agus don Roinn go raibh an réamhíocaíocht sin de dhíth chun a chinntiú go bhféadfaí caiteachas uile an Iontaobhais ag tús mhí Eanáir 2024 a íoc.

**11.29** Le Ciorclán 13/2014 éilítear go bhfaighfí faomhadh roimh ré ón Roinn Caiteachais Phoiblí chun réamh-mhaoiniú a dhámhachtain ar fhaighteoirí deontais. Ní bhfuarthas an faomhadh sin le haghaidh aon chuid den réamh-mhaoiniú a dámhadh ar an Iontaobhas in 2023.

**11.30** An 30 Samhain 2023, chuir an Roinn nóta faisnéise ar fáil don Roinn Caiteachais Phoiblí. Dúradh ann gur iarr an tIontaobhas réamhíocaíocht dar luach €3 mhilliún an 10 Iúil 2023. Ní deirtear ann gur cuireadh an réamhíocaíocht ar fáil, agus ní thuairiscítear ann ach an oiread an réamhíocaíocht le haghaidh nach mór €2 mhilliún a d’fhaomh an Roinn i mí na Samhna.

## Solátharmaoinithe eisceachtúil

**11.31** I mí Mheán Fómhair 2022, tharraing FDEDRBÁC ábhair imní anuas leis an Roinn

- gur sháraigh an costas ar roinnt tionscadal caipitil de chuid an Iontaobhais le haghaidh lóistín éigeandála na buiséid chaipitil a bhí faofa, agus
- go raibh athruithe tagtha ar roinnt raonta feidhme tionscadal.

**11.32** Thug an Roinn faoi deara freisin cásanna nuair nár lorg an tIontaobhas faomhadh ag na hamanna cuí, i dteannta imní maidir le comhlíontacht leis an gcreat bainistithe oibreacha caipitil.[1] Threoraigh an Roinn do FDEDRBÁC athbhreithniú inmheánach a dhéanamh ar na saincheisteanna i mí Dheireadh Fómhair 2022. Thug an tIontaobhas míniúcháin i bpléití le FDEDRBÁC, agus thoiligh an Roinn róchaiteachas na gcostas tionscadail a mhaoiniú.

**11.33** Tar éis go ndeachaigh POF an Iontaobhais ag an am sin ar scor, cheap Bord an Iontaobhais POF nua an 1 Meitheamh 2023. Ag an am sin, chuir sé in iúl do FDEDRBÁC go raibh imní air maidir le

- ganntanais mhaoinithe ar thionscadail chaipitil, agus
- moilleanna le haisíocaíocht maoinithe ó mhaoinitheoirí Stáit eile.

**11.34** An 16 Meitheamh 2023, d'iarr an Roinn ar FDEDRBÁC saineolaí neamhspleách a cheapadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis bainistithe caipitil san Iontaobhas lena n-áireofaí athbhreithniú ar a chomhlíontacht leis an *gCód Caiteachais Phoiblí*.[2] Dúirt FDEDRBÁC go raibh tús curtha aige leis an bpróiseas chun iarrthóir a cheapadh ag a mbeadh na cáilíochtaí cuí leis an athbhreithniú a dhéanamh, ach nuair a tháinig na deacrachtaí sreafa airgid san Iontaobhas chun solais ag tús mhí Iúil, ba léir go mbeadh sainchúram níos leithne de dhíth don athbhreithniú.

**11.35** Mar fhreagra ar iarratas ó FDEDRBÁC, ghlac Bord an Iontaobhais le plean um chobhsaíocht agus inbhuanaitheacht airgeadais an 11 Iúil 2023 agus é ar intinn aige an tIontaobhas a chur ar bhonn airgeadais níos inbhuanaithe.

**11.36** An 14 Iúil 2023, d'fhéach an Roinn lena comhairle shaineolach neamhspleách féin a fháil maidir leis an litir a fuarthas an 10 Iúil ó POF an Iontaobhais. Ag eascairt as an gcomhairle sin, i dteannta FDEDRBÁC, bhunaigh an Roinn grúpa maoirseachta chun

- maoirseacht a dhéanamh ar athbhreithniú neamhspleách airgeadais agus rialachais an Iontaobhais
- moltaí a bhreithniú a d'eascródh as an athbhreithniú sin, agus
- tuairisciú don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (an tAire).

**11.37** Reáchtáil an grúpa maoirseachta a chéad chruinniú an 16 Lúnasa 2023, faoi chathaoirleacht shaineolaí neamhspleách dlí agus rialachais a cheap an Roinn. D'fhreastail beirt ionadaithe ón Iontaobhas ar chruinnithe chun nuashonruithe a chur ar fáil, de réir mar ba ghá. Le téarmaí tagartha an ghrúpa bhíothas ag súil le thart ar 20 uair an chloig oibre, a shínfeadh thar an tréimhse go dtí deireadh 2023. Amhail mí Lúnasa 2024, tá an grúpa fós i bhfeidhm ach ballraíocht agus téarmaí tagartha leasaithe aige.[3]

1 Struchtúr é an *Creat Bainistithe Oibreacha Caipitil* (CBOC) a forbraíodh le cuspóirí an Rialtais a chomhlíonadh i ndáil le leasú ar sholáthar foirgníochta na hearnála poiblí agus tá sé le fáil anseo.

2 Tugadh cothrom le dáta ceanglais chaiteachais chaipitiúil an *Chóid Caiteachais Phoiblí* i mí an Mhárta 2023.

3 Leasaíodh ballraíocht an ghrúpa maoirseachta i mí na Nollag 2023 nuair a chríochnaigh an Cathaoirleach a chuid oibre. Tá ionadaí ar an gCumann Lucht Bainistíochta Cathrach agus Contae (CBCC) ina mball den ghrúpa maoirseachta anois.

**11.38** Dúradh freisin sa chomhairle dlí neamhspleách maidir leis an litir a fuair an Roinn an 10 Iúil, a ndéantar foráil maidir leis i gcomhaontuithe FDEDRBÁC leis an Roinn, gur cheart iniúchadh nó athbhreithniú ar ghnó an Iontaobhais a choimisiúnú chomh luath agus ab fhéidir. Ag eascairt as an moladh sin, choimisiúnaigh FDEDRBÁC PwC chun tabhairt faoin athbhreithniú (féach alt 11.25 thuas) agus chun na torthaí a thuairisciú do FDEDRBÁC agus don ghrúpa maoirseachta.

**11.39** Ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2023, d’fhostaigh an tIontaobhas PwC go díreach chun seirbhísí airgeadais a chur ar fáil, lenar áiríodh athbhreithniú ar chlár sócmhainní seasta an Iontaobhais agus tacaíocht ghinearálta d’fhoireann airgeadais an Iontaobhais, lenar áiríodh maidir le réamhaisnéisí sreafa airgid a ullmhú.[1] Chuir PwC tús leis an obair don Iontaobhas an 5 Deireadh Fómhair 2023. Sceideal fairsing seirbhísí atá i gceist leis an bhfostú, agus áirtear leis an fhoráil go ndéanfaidh PwC monatóireacht ar leithdháileadh an mhaoinithe a fuarthas ó FDEDRBÁC agus ó mhaoinitheoirí eile i gcoinne dliteanas reatha agus leanúnach ar bhonn seachtainiúil.

**11.40** Tá dhá fhostú PwC, leis an Iontaobhas go díreach agus le FDEDRBÁC, bunaithe ar an gcomhaontú ag gach páirtí go roinnfidh PwC faisnéis maidir lena chuid oibre go díreach le FDEDRBÁC, a thabharfaidh tuairisc don ghrúpa maoirseachta.[2]

**11.41** An 13 Meán Fómhair 2023, chuir PwC réamh-athbhreithniú airgeadais ar fáil don ghrúpa maoirseachta. Sonraíodh san athbhreithniú sin gur tharla ídiú airgid dar luach €4 mhilliún don Iontaobhas le linn thréimhse ocht mí anuas go dtí tús mhí Mheán Fómhair 2023. Ag an am sin, ní raibh PwC in ann dearbhú leormhaith a fháil maidir le cé acu ar cuireadh na cúiseanna leis an ídiú airgid ina gceart.

**11.42** Tá sé ráite ag an Roinn go bhfuil nuashonruithe curtha ar fáil ag PwC ó shin i leith ag roinnt cruinnithe de chuid an ghrúpa maoirseachta maidir leis an ídiú airgid. Ina theannta sin, tá roinnt cáipéisí curtha ar fáil ag PwC i ndáil le gnéithe dá chuid oibre laistigh den Iontaobhas amhail

- réamhaisnéisiú sreafa airgid
- íocaíochtaí le creidiúnaithe
- athbhreithniú ar an gclár sócmhainní seasta.

Cuireann PwC nuashonruithe scríofa míosúla ar fáil don ghrúpa maoirseachta agus amhail mí Lúnasa 2024, tá PwC fós ag obair le foireann airgeadais an Iontaobhais.

**11.43** I mí an Mheithimh 2024, chuir PwC dréacht den *Tuairisc Imscrúdaithe* ar fáil do Bhord an Iontaobhais le hathbhreithniú agus trácht a dhéanamh uirthi, agus cuireadh an tuarascáil deiridh ar fáil don Roinn an 12 Meán Fómhair.

### *Maoiniú eisceachtúil a fhaomhadh agus a íoc*

**11.44** An 1 Samhain 2023, mhol Cathaoirleach an ghrúpa maoirseachta don Aire tacaíocht a thabhairt don Iontaobhas, ar bhonn eisceachtúil, trí shaoráid iasachta idir €10 milliún agus €15 mhilliún.

**11.45** An 28 Samhain 2023, de bhun iarratais ón Aire, d’fhaomh an Rialtas maoiniú eisceachtúil dar luach suas le €15 mhilliún don Iontaobhas. Faomhadh an maoiniú ar bhonn gealltanais a bheith tugtha ag an Iontaobhas go gcomhlíonfadh sé sraith coinníollacha a shonródh an grúpa maoirseachta.

1 Ní raibh réamhaisnéisí sreafa airgid ná cuntais bhainistíochta mhíosúla ullmhaithe ag an Iontaobhas roimh Mheitheamh 2023.

2 Sonrascann PwC an tIontaobhas i dtaobh na dtáillí ar an dá athbhreithniú agus faigheann an tIontaobhas an costas ar ais ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, a fhaigheann ar ais ar a seal féin ón Roinn é.

**11.46** D’aontaigh an tIontaobhas cloí leis na coinníollacha go léir a ghabhann leis an maoiniú eisceachtúil an 1 Nollaig 2023.[1] Cé nach bhfuil an maoiniú eisceachtúil le haisíoc, forchoimeádann an tAire an ceart chun luach an mhaoinithe eisceachtúil a chuirtear ar fáil a aisghabháil, trí shócmhainní a aistriú. Ní leagtar amach na cúinsí lena bhféadfaí aisghabháil den sórt sin a spreagadh.

**11.47** Chuir an Roinn maoiniú ar fáil ar bhonn céimnithe a thosaigh an 14 Nollaig 2023 (féach Fíor 11.4).

**Fíor 11.4 Íocaíochtaí maoinithe eisceachtúla, arna n-aistriú ón Roinn chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath**

| An dáta a d’íoc an Roinn le FDEDRBÁC | An dáta a d’íoc FDEDRBÁC leis an Iontaobhas | Méid |
|---|---:|---:|
| | | €m |
| 14 Nollaig 2023 | 1 Nollaig 2023 | 1.1 |
| 14 Nollaig 2023 | 8 Nollaig 2023 | 2.8 |
| 8 Feabhra 2024 | 16 Feabhra 2024 | 5.5 |
| 11 Márta 2024 | 8 Márta 2024 | 5.6 |
| **Iomlán** | | **15.0** |

Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

### *Coinníollacha a bhaineann leis an maoiniú eisceachtúil*

**11.48** Fostaíodh Cathaoirleach an ghrúpa maoirseachta mar shaineolaí neamhspleách ar chúrsaí dlí agus rialachais agus chuir sé comhairle ar an ngrúpa maidir leis na coinníollacha cuí, dar leis, a d’fhéadfaí a chur i bhfeidhm ar an maoiniú eisceachtúil, agus athbhreithniú déanta aige ar fhaisnéis a bhí ar fáil ó PwC agus ón Iontaobhas.

**11.49** Níor iarr an Roinn tuairimí an Roinn Caiteachais Phoiblí ná ón Údarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus na coinníollacha á socrú. Chuir an Roinn an dréacht-mheabhrán Rialtais, ina raibh na coinníollacha beartaithe, ar fáil don Roinn Caiteachais Phoiblí an 23 Samhain 2023 agus iarradh aon tuairimí nó ábhair imní i ndáil leis, trí lá oibre sula gcuirfí faoi bhráid an Rialtais é an 28 Samhain 2023.

**11.50** Tar éis ceisteanna a d’ardaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, an 30 Samhain 2023 (dhá lá tar éis don Rialtas an maoiniú a cheadú), chuir an Roinn nóta faisnéise ar fáil inar leagadh amach cúlra an ghá le maoiniú eisceachtúil ón Iontaobhas agus na coinníollacha a ghabhann leis.

**11.51** Ní raibh aon cheanglas go gcomhlíonfaí na coinníollacha sular cuireadh an maoiniú ar fáil don Iontaobhas agus níor leagadh amach spriocdhátaí sonracha maidir le críochnú ann do 19 de na 32 coinníoll (féach Iarscríbhinn 11A). Níl critéir atá sainithe go maith sna ceithre choinníoll (11, 14, 24 agus 26), ar féidir iad a fhíorú. D’fhéadfadh sé a bheith dúshlánach, mar sin, don Roinn a chinneadh an bhfuil na ceithre choinníoll seo comhlíonta ag an Iontaobhas agus cathain a comhlíonadh iad. Bhí cúig choinníoll maoinithe, a rangaíodh i mí na Samhna 2023 mar ‘ar siúl’ agus atá le cur i gcrích láithreach nó sa ghearrthéarma, fós idir lámha amhail Aibreán 2024.

1 Tá 32 choinníoll i gceist — an tIontaobhas atá freagrach as 29, tá an Roinn freagrach as dhá cheann agus tá FDEDRBÁC freagrach as ceann amháin.

**11.52** Dúirt an Roinn gurb é tosaíocht láithreach an ghrúpa maoirseachta seirbhísí do dhaoine gan dídean a chosaint agus sa chomhthéacs sin, nach raibh sé praiticiúil ná indéanta comhlíonadh coinníollacha a éileamh sula gcuirfí maoiniú ar fáil nó fráma ama sonrach a chur san áireamh maidir le gach coinníoll.

### *Monatóireacht ar dhul chun cinn an Iontaobhais ag an Roinn*

**11.53** Leagtar amach le Coinníoll 4 a ghabhann leis an maoiniú eisceachtúil gur cheart don Iontaobhas tuarascáil ar dhul chun cinn a chur ar fáil don ghrúpa maoirseachta ar choinníollacha 1 go 3, agus ar chéimeanna a glacadh i ndáil le gach ceann de choinníollacha 5 go 32, ar bhonn míosúil. Áirítear i dtuarascálacha míosúla ar dhul chun cinn an Iontaobhais 'rianaire coinníollacha' arb é atá ann tábla de na coinníollacha in éineacht le hachoimre ghairid ar stádas na gcoinníollacha arna measúnú ag an Iontaobhas. Cuireann an tIontaobhas faisnéis mhíosúil ar fáil faoi shreabhadh airgid freisin agus déanann an grúpa maoirseachta athbhreithniú air ag a chuid cruinnithe.

**11.54** Bhí an maoiniú eisceachtúil á íoc idir mí na Nollag 2023 agus mí an Mhárta 2024. Ba í seo an tréimhse freisin a raibh roinnt príomhchoinníollacha le comhlíonadh ag an Iontaobhas. Mar sin féin, tugadh faoi deara i miontuairiscí chruinniú an ghrúpa mhaoirseachta an 28 Márta 2024 an gá atá le soiléiriú a thabhairt don Iontaobhas ar a bhfuiltear ag súil lena áireamh ina thuarascálacha ar dhul chun cinn, mar aon le sonraí breise a iarradh maidir le roinnt coinníollacha eile.[1]

**11.55** Tá fianaise ar chomhlíonadh ag an Iontaobhas i ndáil le 14 cinn de na coinníollacha ag brath ar chomhlíontacht an Iontaobhais a dheimhniú tríd an rianaire míosúil ar dhul chun cinn, nó tagairt don choinníoll a thabhairt faoi deara i bplean athstruchtúraithe agus cuíchóirithe an Iontaobhais.

**11.56** Amhail an 17 Aibreán 2024, rinne an Roinn measúnú ar dhul chun cinn ar na 32 choinníoll, ag tabhairt faoi deara go raibh cúig choinníoll comhlíonta, nár cuireadh tús le dhá cheann acu agus go raibh an chuid eile idir lámha.[2]

**11.57** Is é ceann amháin den dá choinníoll a bhfuil an Roinn freagrach astu beirt stiúrthóirí a cheapadh ar Bhord an Iontaobhais arna n-ainmniú ag an Aire. Chuir Cathaoirleach an Iontaobhais fáilte roimhe seo agus thug sé faoi deara go raibh gá le saineolas cuntasaíochta agus airgeadais ar leibhéal an Bhoird. Amhail mí Lúnasa 2024, tá an bheirt stiúrthóirí fós le hainmniú. Dúirt an Roinn, ós rud é go bhfuil dhá thuarascáil rialála fós le tabhairt i gcrích faoi láthair, go measann an grúpa maoirseachta nach mbeadh sé cuí don Aire ceapaithe a ainmniú ag an tráth seo.

### *Plean athstruchtúraithe agus cuíchóirithe an Iontaobhais*

**11.58** Bhí soláthar plean mhionsonraithe athstruchtúraithe agus chuíchóirithe ar cheann de na coinníollacha ar ar ceadaíodh maoiniú eisceachtúil. Chuir an tIontaobhas doiciméad dar teideal *Overview of Structure, Governance, Resourcing and Operational Model of Peter McVerry Trust* [Forléargas ar Struchtúr, Rialachas, Soláthar Acmhainní agus Samhail Oibriúcháin *Peter McVerry Trust*] (an forléargas) faoi bhráid na Roinne an 1 Feabhra 2024, tar éis faomhadh ó Bhord an Iontaobhais an lá roimhe. D'iarr an tIontaobhas ar an Roinn a tuairimí a thabhairt maidir leis an bhforléargas. Níor mheas an Roinn, áfach, go mbeadh sé laistigh dá sainchúram measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht dhóchúil an fhorléargas agus na n-athruithe molta gaolmhara. Measann sé gur shásaigh an tIontaobhas an coinníoll tríd an bhforléargas a chur isteach.

1 Ó mhí na Bealtaine 2024 ar aghaidh, tugann an tIontaobhas tuairisc nuashonraithe i dteannta an rianaire coinníollacha don ghrúpa maoirseachta ar bhonn míosúil.

2 Amhail an 3 Meán Fómhair 2024, rinne an Roinn measúnú ar dhul chun cinn ar na 32 choinníoll, ag tabhairt faoi deara go raibh sé choinníoll comhlíonta, nár cuireadh tús le dhá acu, bhí ceann amháin ar an mbóthar ceart agus bhí an chuid eile cothrom le dáta agus fós ag dul ar aghaidh.

**11.59** Tá 50 moladh san fhorléargas thar naoi réimse. Ní áirítear leis plean cur chun feidhme, spriocdhátaí ná coigilteas costais réamh-mheasta a bheidh mar thoradh ar chur i bhfeidhm na moltaí. Ina theannta sin, níl aon ghníomhaíocht leagtha amach, ach moltaí.[1]

**11.60** An 26 Feabhra 2024, chuir an Roinn meabhrán faoi bhráid an Aire ag tabhairt breac-chuntas ar achoimre ar an bhforléargas. Dúradh sa mheabhrán nár tugadh aghaidh ar roinnt dliteanais shuntasacha a bhí ag an Iontaobhas san fhorléargas a cuireadh isteach, is iad sin

- Fiachas ioncaim
- comhaontuithe iasachtaí
- dliteanais theagmhasacha, agus
- fiachas creidiúnaithe le soláthróirí.

**11.61** Scríobh an Roinn chuig an Iontaobhas an 6 Márta 2024 ag cur fáilte roimh an bhforléargas. Thug an Roinn faoi deara freisin na dúshláin shuntasacha atá le sárú ag an Iontaobhas agus an gá atá leis an bhforléargas a choinneáil faoi athbhreithniú leanúnach.

**11.62** An 14 Bealtaine 2024, mar fhreagra ar iarratas ón ngrúpa maoirseachta, chuir an tIontaobhas tuarascáil ar dhul chun cinn isteach maidir leis na moltaí a bhí san fhorléargas. Leagadh amach i dtuarascáil nuashonraithe is déanaí an Iontaobhais, a cuireadh faoi bhráid na Roinne an 30 Lúnasa 2024, go measann an tIontaobhas, as na 50 moladh, go ndearnadh 14 a sheachadadh, measadh go raibh 33 fós ar siúl agus go raibh trí cinn le tosú fós.

**11.63** Tá sé ráite ag an Roinn go leanann an grúpa maoirseachta ar aghaidh ag plé leis an Iontaobhas maidir le cur i bhfeidhm na gcoinníollacha maoinithe agus go bhfuil sí sásta leis an rannpháirtíocht ón Iontaobhas agus a thiomantas do chomhlíonadh na gcoinníollacha maoinithe.

### *Costais bhreise*

**11.64** Thabhaigh an Roinn roinnt costas a bhain le saincheisteanna airgeadais agus rialachais san Iontaobhas. Chomh maith leis an maoiniú eisceachtúil, tabhaíodh caiteachas iomlán dar luach €699,000 go dtí an 11 Meitheamh 2024.(féach Fíor 11.5).[2]

**11.65** As sin, d’íoc an tIontaobhas €683,000 anuas go dtí an 11 Meitheamh 2024 i leith seirbhísí a cuireadh ar fáil ag

- PwC agus
- sainchomhairleoir bainistíochta a bhí fostaithe ag an Iontaobhas.

Aisghabhadh na costais sin ó CCBÁC a d’aisghabh na costais ón Roinn ina dhiaidh sin. Ní raibh sé sin mar chuid den mhaoiniú eisceachtúil a cheadaigh an Rialtas.

**11.66** Tá sé beartaithe go leanfaidh PwC lena chuid oibre go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2024 ar a laghad. Is é costas measta na hoibre sin €864,000 breise, a aisghabhfar ón Roinn freisin.[3]

1 Chuir an tIontaobhas plean gníomhaíochta bliantúil na Foirne Ardbhainistíochta 2024 ar fáil don ghrúpa maoirseachta i mí Lúnasa 2024. Níor cuireadh stádas reatha gach gníomhaíochta san áireamh.

2 Íoctar caiteachas breise ón bhfotheideal céanna (A.13 cóiríocht do dhaoine gan dídean) leis an maoiniú eisceachtúil.

3 I mí an Mheithimh 2024, chomhaontaigh an grúpa maoirseachta conradh PwC a shíneadh go dtí an 30 Meán Fómhair 2024.

**Fíor 11.5 Costais bhreise maoinithe ag an Roinn**

| Cur síos | Caiteachas go dtí an 11 Nollaig 2024 | Costais mheasta go dtí an 30 Meán Fómhair 2024[a] | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| PwC — athbhreithniú neamhspleách ar an Iontaobhas[b] | 469 | 409 | 878 |
| PwC — seirbhísí tacaíochta don Iontaobhas[c] | 86 | 455 | 541 |
| POF eatramhach/seirbhísí sainchomhairleoireachta bainistíochta laistigh den Iontaobhas | 128 | — | 128 |
| **Saineolaí dlí — Cathaoirleach an ghrúpa maoirseachta** | 10 | — | 10 |
| Comhairle neamhspleách arna fáil ag an Roinn | 6 | — | 6 |
| **Iomlán** | **699** | **864** | **1,563[d]** |

Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Nótaí:
a Tagraíonn costais mheasta go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 do shé mhí oibre nach bhfuil sonrasc déanta ina leith go fóill (míonna Aibreáin go Meán Fómhair 2024).
b Áirítear leis seo tuairisciú don ghrúpa maoirseachta ar úsáid sheachtainiúil airgid; sreabhadh airgid agus ullmhú buiséid; clár na sócmhainní seasta a athbhreithniú; agus plean aisíocaíochta creidiúnaithe a fhorbairt.
c Áirítear leis seo seirbhísí tacaíochta airgeadais feidhmiúla ó lá go lá ar nós seachadadh párolla míosúil agus ullmhú cuntas bainistíochta.
d Ina theannta sin, d'íoc FDEDRBÁC €17,992 go díreach le PwC don chuid tosaigh den athbhreithniú, nár aisghabhadh ón Roinn.

**11.67** Tar éis do Phríomhfheidhmeannach an Iontaobhais a bhí ann ag an am éirí as an 11 Deireadh Fómhair 2023 (tar éis níos lú ná cúig mhí sa ról), d’iarr an tIontaobhas comhairle ar an Roinn maidir le hionadú sealadach. Mhol an Roinn iar-Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Chontae mar iarrthóir féideartha chun cúnamh gearrthéarmach a sholáthar don Iontaobhas. D’fhostaigh an tIontaobhas an t-iarrthóir molta dar tosach 16 Deireadh Fómhair 2023, ar ráta laethúil de €1,000 agus d’aisghabh sé an costas air sin ó CCBÁC a d’aisghabh an coatas ón Roinn ina dhiaidh sin. Ceapadh POF buan i mí Aibreáin 2024.

**11.68** Tabhóidh an Roinn caiteachas freisin ar chostais foirceanta i ndáil le tionscadail a bhí sna céimeanna tosaigh forbartha nuair a d’ordaigh an Roinn don Iontaobhas gan ach tionscadail atá fós le críochnú agus ar siúl le conarthaí tógála forghníomhaithe a chur i gcrích (coinníoll 16).[1] Ní fios go dtí go gcuirfidh údaráis áitiúla gach éileamh ar fhorchúiteamh faoi bhráid na Roinne, ach dúirt an Roinn gurb ionann a meastachán reatha agus thart ar €1 mhilliún. Ar dtús, mheas an tIontaobhas go raibh na costais foirceanta thart ar €2 mhilliún, bunaithe ar aisghabháil 100%, ach is é meastachán reatha an Iontaobhais é €1.5 milliún.

## Léirmheasanna agus ionchais amach anseo

**11.69** Chuir an tIontaobhas in iúl don Rialálaí Carthanas agus d’Údarás Rialála na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe i mí Iúil 2023 faoi na saincheisteanna laistigh den Iontaobhas, ceanglas a chuir an Roinn agus FDEDRBÁC in iúl don Iontaobhas. Tá imscrúduithe seolta ag an dá rialálaí ó shin i leith, atá fós ar bun.

1 Ní dhéanann an Roinn costais foirceanta na n-údarás áitiúil a fhorchúiteamh ó sholáthraithe seirbhísí do dhaoine gan dídean ach amháin nuair a bhíonn fianaise ann go raibh faomhadh údaráis áitiúil ag an tionscadal.

**11.70** Tá dhá athbhreithniú ar mhaoiniú (Alt 10) do sheirbhísí do dhaoine gan dídean ar bun faoi láthair.

- Cumann Lucht Bainistíochta Contae agus Cathrach (CLBCC): Athbhreithniú ar mhaoiniú Alt 10. Luaitear sna téarmaí tagartha nuashonraithe, dar dáta mí Eanáir 2024, gur tharla an t-athbhreithniú mar gheall ar imní na bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin in eagraíochtaí neamhrialtasacha maidir le maoiniú leordhóthanach le haghaidh aisghabháil iomlán costais agus téarmaí agus coinníollacha na foirne san earnáil.
- Athbhreithniú straitéiseach ar shamhail mhaoinithe Alt 10 ag an Roinn, a raibh gealltanas tugtha dó mar chuid de phlean Tithíocht do Chách an Rialtais, ag a raibh spriocdháta faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2024. Ní raibh tús curtha leis an athbhreithniú nuair a tháinig na saincheisteanna san Iontaobhas chun solais.

Cuirfear san áireamh in Athbhreithniú Straitéiseach na Roinne ar shamhail mhaoinithe Alt 10 na tosca ba chúis leis an gcás san Iontaobhas.

**11.71** I mí an Mhárta 2024, rinne FDEDRBÁC tairiscint le haghaidh iniúchta ar mhaoiniú Alt 10 2023 i seirbhísí aonair.[1] Is é cuspóir na n-iniúchtaí ná athbhreithniú ardleibhéil a dhéanamh ar na rialuithe airgeadais agus rialachais atá i bhfeidhm. Déanfaidh na hiniúchtaí comparáid freisin idir costais seirbhíse oibriúcháin agus maoiniú comhaontaithe seirbhíse. Ar dtús, bhí sé i gceist go n-áireofaí leis an gclár iniúchta sin athbhreithniú sonrach ar roinnt seirbhísí Alt 10 san Iontaobhas, ach fágadh an tIontaobhas ar lár ón gclár iniúchta ó shin i leith, mar gheall ar athbhreithniú leanúnach PwC laistigh den Iontaobhas. Cuireadh tús leis an bpróiseas iniúchóireachta i mí Iúil 2024 agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe faoi mhí na Nollaig 2024.

### *Ionchas don am amach anseo*

**11.72** Tá sé beartaithe ag an Roinn, tríd an ngrúpa maoirseachta, leanúint ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar chomhlíonadh an Iontaobhais leis na coinníollacha a ghabhann leis an maoiniú eisceachtúil ar bhonn míosúil, lena n-áirítear ceangal a chur ar an Iontaobhas faisnéis níos cuimsithí a chur isteach ó mhí na Bealtaine 2024 ar aghaidh. Tá an Roinn ag súil go leanfar le hobair an ghrúpa maoirseachta go dtí go mbeidh an tIontaobhas ar bhonn a bheidh go hiomlán inbhuanaithe.

**11.73** Mar thoradh ar obair an ghrúpa maoirseachta, tá faisnéis níos fearr ag an Roinn anois maidir leis an staid airgeadais laistigh den Iontaobhas agus is fearr atá sí in ann raon roghanna a mheas ina leith sin má tá gá le maoiniú amach anseo.

**11.74** Amhail mí Mheán Fómhair 2024, níl aon athruithe ábhartha déanta ag an Roinn ar an gcomhaontú prótacail idir an Roinn agus CCBÁC, a leagann amach na hoibleagáidí faoi seach maidir le dearbhú agus maoirsiú maoinithe Alt 10. Ina theannta sin, níl aon athruithe déanta ar phróisis maoinithe caipitil na Roinne maidir le seirbhísí do dhaoine gan dídean.[2]

**11.75** Roimh 2024, bhí samhail mhaoiniúcháin an Iontaobhais bunaithe ar thart ar 70% dá ioncam ó mhaoinitheoirí Stáit agus 30% ó thiomsú airgid. Tá buiséad 2024 a d'iarr an tIontaobhas bunaithe ar aisghabháil costais 100% ón Stát. Dúirt an Roinn, amhail mí Lúnasa 2024, go raibh an comhaontú seirbhíse idir an tIontaobhas agus FDEDRBÁC tugtha chun críche maidir le costais dhíreacha ach go bhfuil cainteanna ar siúl idir an tIontaobhas agus a mhaoinitheoirí Stáit eile maidir lena bhuiséad 2024.

1 Bhí sé beartaithe ag FDEDRBÁC clár iniúchta caiteachais do 2022, a raibh an tIontaobhas le cur san áireamh ann, a chur i gcrích in 2023 ach níor leanadh ar aghaidh leis.

2 Cé is moite d'athruithe ar mhaoiniú caipitil do thearmainn foréigin teaghlaigh in áiteanna tosaíochta.

**11.76** D’ainneoin na nuashonruithe rialta leis an ngrúpa maoirseachta, scríobh an Roinn chuig Príomhfheidhmeannach reatha an Iontaobhais an 5 Meitheamh 2024 ag iarraidh faisnéise faoi

- athruithe foirne agus líonta foirne
- bearta coigilte costas go dtí seo agus bearta atá beartaithe amach anseo
- staid cothrom le dáta maidir le sreabhadh airgid agus buiséid
- inbhuanaitheacht eagraíochtúil agus
- clár sócmhainní seasta críochnaithe an Iontaobhais.

**11.77** D'fhreagair an tIontaobhas an 21 Meitheamh 2024 ach ní raibh sé in ann an fhaisnéis go léir a iarradh a chur ar fáil ag an dáta sin. Chuir an tIontaobhas tuilleadh faisnéise ar fáil don ghrúpa maoirseachta an 3 Iúil 2024 agus gheall sé leanúint ar aghaidh ag obair ar na míreanna atá fós le críochnú.

## Conclúidí agus moltaí

**11.78** Tá Peter McVerry Trust (an tIontaobhas) ar cheann de na príomhsholáthraithe seirbhísí do dhaoine gan dídean sa Stát, ag feidhmiú ar son na n-údarás áitiúil faoi chomhaontuithe seirbhíse. Faoi láthair, cuireann an tIontaobhas seirbhísí ar fáil do bhreis agus 2,000 cliant in 71 láthair agus tacaíonn sé le breis agus 600 duine aonair i dtionóntachtaí Tithíochta Ar dTús.

**11.79** Braitheann an tIontaobhas go láidir ar fhoinsí maoinithe Stáit don chuid is mó dá ioncam. In 2022, thuairiscigh an tIontaobhas ioncam iomlán €61.7 milliún agus ba é an Stát a chuir 70% den mhéid sin ar fáil (€43.4 milliún).

### *Maoiniú rialta*

**11.80** Tá comhaontú prótacail i bhfeidhm ag an Roinn le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (CCBÁC) agus le príomhúdaráis réigiúnacha eile. Is é sin an príomhshásra chun maoirseacht a dhéanamh ar na cistí tarmligthe a chuirtear ar fáil agus braitheann an Roinn go láidir ar na seiceálacha agus ar an maoirseacht a dhéanann FDEDRBÁC agus príomhúdaráis réigiúnacha eile le haghaidh dearbhú maidir le húsáid na gcistí.

**11.81** Is é rud atá i bpríomhrialuithe na Roinne i dtaca leis an maoiniú a chuireann sí ar fáil do FDEDRBÁC chun tacú leis an Iontaobhas ná aighneacht FDEDRBÁC faoi bhráid na Roinne ina bhfuil tuarascálacha airgeadais ráithiúla, a ndéanann an Roinn athbhreithniú orthu; agus spotseiceáil randamach ar shonraisc arna gcur isteach le haghaidh íocaíochta. Mar sin féin, níor fheidhmidh na rialuithe sin mar a bhí coinne leis. Mar shampla

- Chuir an Roinn tús le spotseiceáil amháin ar chaiteachas an Iontaobhais i ráithe 1 2022, ach mhínigh FDEDRBÁC don Roinn nach rabhthas in ann an spotseiceáil sonraisc a dhéanamh i ráithe a haon. Rinne an Roinn breithniú ar na sonraisc a sheiceáil sa ráithe dá éis sin, ach ní dhearna sí amhlaidh.
- Ní leagtar amach clár spotseiceálacha na Roinne sa phrótacal idir an Roinn agus CCBÁC/FDEDRBÁC.

**11.82** I gcomhréir le ciorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí maidir le maoiniú deontais a bhainistiú, ba cheart don Roinn, ina cáil mar an vóta ina dtionscnaíonn an maoiniú deontais, maoirseacht níos fearr a dhéanamh ar na rialuithe atá i bhfeidhm agus a úsáideann FDEDRBÁC. Is é an prótacal an príomhshásra trínar féidir leis an Roinn rialú agus maoirseacht a dhéanamh ar an maoiniú tarmligthe. Dúirt an Roinn go ndéanann sí athbhreithniú ar an gcomhaontú prótacail agus go dtugann sí cothrom le dáta é ar bhonn bliantúil.

### Moladh 11.1

Ba cheart an comhaontú prótacail idir an Roinn agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a neartú i ndáil le maoirseacht na Roinne ar an maoiniú deontais a chuirtear ar fáil. Leis an bprótacal ba cheart a leagan amach an chaoi a ndéantar comhlíonadh cheanglais chiorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí a fheidhmiú, agus ba cheart struchtúr foirmiúil a chur chun feidhme i dtaca le spotseiceáil. Ba cheart é sin a leathnú chuig na socruithe prótacail le gach príomhúdarás a chuireann maoiniú ar fáil do sheirbhísí do dhaoine gan dídean.

#### Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta

Aontaítear leis.

Tá córas maoirseachta fairsing i bhfeidhm leis na húdaráis áitiúla lena ndéantar seirbhísí do dhaoine gan dídean a mhaoiniú go díreach. Le *Tithíocht do Chách*, arb é plean tithíochta an Rialtais go dtí 2030 é, athdhearbhaítear an gealltanas obair a dhéanamh chun deireadh a chur leis an easpa dídine faoi 2030. Sa chomhthéacs sin, agus aitheantas á thabhairt don mhéadú géar atá tagtha ar an easpa dídine le roinnt blianta anuas agus an méadú a tháinig dá thoradh sin ar chaiteachas poiblí ar sheirbhísí agus tacaíochtaí chun cúnamh a thabhairt do theaghlaigh atá thíos leis an easpa dídine nó atá i mbaol ina leith, thug an Roinn faoi athbhreithniú straitéiseach ar an tsamhail mhaoiniúcháin atá mar bhonn taca faoi sholáthar seirbhísí do dhaoine gan dídean i gcomhréir le Gníomh Uimh. 105 de *Phlean Gníomhaithe Thithíocht do Chách*. Is é cuspóir an athbhreithnithe ná maoirseacht agus cuntasacht a neartú i ndáil le maoiniú faoi alt 10, agus an áit a luíonn an fhreagracht ar leibhéal na Roinne a athdhearbhú maidir le maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar catagóirí éagsúla seirbhísí do dhaoine gan dídean agus an maoiniú a bhaineann leo. Sa tuarascáil ar an athbhreithniú cuimseofar moltaí ábhartha ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, lena n-áirítear athbhreithniú ar an bprótacal.

#### Amlíne le haghaidh Cur Chun Feidhme

Ráithe 1 de 2025.

### *Réamh-mhaoiniú*

**11.83** In 2023, chuir FDEDRBÁC roinnt réamhíocaíochtaí ar fáil den mhaoiniú a bhí beartaithe don Iontaobhas. Níor thug an Roinn faomhadh do na réamhíocaíochtaí a íocadh idir mí an Mhárta agus mí Mheán Fómhair.

**11.84** I mí na Samhna 2023, is amhlaidh a d'fhaomh an Roinn réamhíocaíocht dar luach beagnach €2 mhilliún ó leithdháileadh maoinithe 2024 an Iontaobhais. Mar sin féin, an réamhíocaíocht iomlán ó FDEDRBÁC le haghaidh maoiniú ráithe 1 2024, sháraigh sí an méid a d'fhaomh an Roinn le níos mó ná €3 mhilliún.

**11.85** Le Ciorclán 13/2014 éilítear go bhfaighfí faomhadh roimh ré ón Roinn Caiteachais Phoiblí le réamh-mhaoiniú a dhámhachtain ar fhaighteoirí deontais. Ní bhfuarthas an faomhadh sin le haghaidh aon chuid den réamh-mhaoiniú a dámhadh ar an Iontaobhas in 2023.

**Moladh 11.2**

Ba cheart don Roinn nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar ciorclán 13/2014 i dtaca le réamh-mhaoiniú do ghníomhaireachtaí a fhaigheann maoiniú deontais.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta**

Aontaítear leis.

Le hathbhreithniú straitéiseach na Roinne a rinneadh sna chéad sé mhí de 2024, sainaithníodh freisin an gá atá le nósanna imeachta caighdeánacha oibriúcháin maidir le hiarratais ar réamh-mhaoiniú do ghníomhaireachtaí a fhaigheann maoiniú deontais, is nósanna imeachta a léiríonn an gá atá le hinbhuanaitheacht soláthraithe seirbhísí do dhaoine gan dídean a chinntiú.

Áireofar sa tuarascáil ar an athbhreithniú straitéiseach moltaí maidir le dréachtú agus cur chun feidhme nósanna imeachta caighdeánacha oibriúcháin i dtaca le réamh-mhaoiniú, i gcomhréir le ciorclán 13/2014.

**Amlíne le haghaidh Cur Chun Feidhme**

Ráithe 4 de 2024.

### *Maoiniú eisceachtúil*

**11.86** I mí Mheán Fómhair 2022, tharraing FDEDRBÁC ábhair imní anuas leis an Roinn i ndáil le caiteachas caipitiúil laistigh den Iontaobhas. Thug an Roinn treoir do FDEDRBÁC athbhreithniú inmheánach a dhéanamh ar an róchaiteachas costais ar an tionscadal sonrach, agus rinne sé amhlaidh. Naoi mí ní ba dhéanaí, i mí an Mheithimh 2023, thug an Roinn treoir do FDEDRBÁC saineolaí neamhspleách a cheapadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar na próisis bainistithe caipitil san Iontaobhas agus ar chomhlíonadh an *Chóid Caiteachais Phoiblí*. Go gairid ina dhiaidh sin, thug Príomhfheidhmeannach nuacheaptha an Iontaobhais fógra don Roinn faoi fhadhbanna maidir le sreabhadh airgid laistigh den Iontaobhas.

**11.87** D’fhaomh an Rialtas maoiniú eisceachtúil suas le €15 mhilliún an 28 Samhain 2023 chun seirbhísí an Iontaobhais a choinneáil ag imeacht, agus aistríodh an méid iomlán a faomhadh ina thráthchodanna chuig an Iontaobhas idir mí na Nollag 2023 agus mí an Mhárta 2024. Anuas ar an maoiniú eisceachtúil, measann an Roinn go mbeidh thart ar €1.56 milliún tabhaithe aici faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair 2024 i dtáillí gairmiúla a eascraíonn as na fadhbanna leis an Iontaobhas. Measann an Roinn gur thart ar €1 mhilliún atá sna costais foirceanta a bhaineann le stad a chur le tionscadail an Iontaobhais a bhí sna céimeanna tosaigh dá bhforbairt.

### *Coinníollacha a bhaineann leis an maoiniú eisceachtúil*

**11.88** Tá 32 choinníoll ag baint leis an maoiniú, agus tá freagracht ar an Iontaobhas 29 acu a sheachadadh. Chuir an Roinn agus FDEDRBÁC grúpa maoirseachta ar bun i mí Lúnasa 2023, faoi chathaoirleacht saineolaí neamhspleách dlí agus rialachais.

**11.89** Cuireann an tIontaobhas tuarascáil mhíosúil ar dhul chun cinn maidir le comhlíonadh na gcoinníollacha ar fáil don ghrúpa maoirseachta. Ag cruinniú den ghrúpa maoirseachta an 28 Márta 2024, thug an grúpa maoirseachta dá aire an gá atá le faisnéis níos cuimsithí ón Iontaobhas. I mí an Mheithimh 2024, scríobh an grúpa maoirseachta chuig an Iontaobhas, ag iarraidh faisnéis bhreise agus nuashonruithe níos cuimsithí.

**11.90** Tá an Roinn ag brath ar na tuarascálacha míosúla ar dhul chun cinn ón Iontaobhas, ina bhfuil deimhnithe go bhfuiltear ag comhlíonadh roinnt coinníollacha ar bhonn leanúnach agus nuashonruithe maidir le dul chun cinn ar choinníollacha eile. Tá fianaise ar chomhlíonadh ag an Iontaobhas i ndáil le 14 cinn de na coinníollacha ag brath den chuid is mó ar chomhlíontacht an Iontaobhais a dheimhniú tríd an rianaire míosúil ar dhul chun cinn, nó tagairt don choinníoll a thabhairt faoi deara i bplean athstruchtúraithe agus cuíchóirithe an Iontaobhais.

**11.91** Níl spriocdhátaí sonracha maidir le críochnú ann i gcás 19 gcinn de na coinníollacha agus níl critéir dhea-shainithe ann i gcás ceithre choinníoll, lena bhfuiltear in ann fíorú a dhéanamh, rud a fhágann go bhfuil sé dúshlánach don Roinn a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil an tIontaobhas ag cloí le roinnt de na coinníollacha maoinithe nó cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon sé na coinníollacha céanna.

**Moladh 11.3**

Ba cheart don Roinn, i gcás inar féidir, fianaise ábhartha a lorg maidir le comhlíonadh gach coinníll maoinithe reatha ag an Iontaobhas, e.g. tríd an ngrúpa maoirseachta. Ba cheart coinníollacha is féidir leis an Roinn a fhíorú mar aon le ceanglais mhonatóireachta arna leagan amach go soiléir a bheith ag gabháil le haon mhaoiniú eisceachtúil eile a chuirtear ar fáil don Iontaobhas.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta**

Aontaítear leis.

Leanfaidh an grúpa maoirseachta de mhonatóireacht a dhéanamh ar na gníomhartha uile a bhaineann leis na coinníollacha agus déanfaidh sé bearta leantacha dá réir.

**Amlíne le haghaidh Cur Chun Feidhme**

Tá an obair seo fós ar bun agus leanfar léi tríd an ngrúpa maoirseachta go dtí go gcomhlíonfar na coinníollacha uile agus go mbeidh an tIontaobhas curtha ar bhonn inbhuanaithe.

### *Plean cuíchóirithe agus athstruchtúraithe an Iontaobhais*

**11.92** Bhí plean mionsonraithe athstruchtúraithe agus cuíchóirithe arna chur ar fáil ag an Iontaobhas ar cheann de na coinníollacha ar a raibh an maoiniú eisceachtúil ag brath. Rinne an tIontaobhas an *Overview of Structure, Governance, Resourcing and Operational Model of Peter McVerry Trust* [Forléargas ar Struchtúr, Rialachas, Soláthar Acmhainní agus Samhail Oibriúcháin *Peter McVerry Trust*] (an forléargas) a leagan faoi bhráid na Roinne an 1 Feabhra 2024.

**11.93** Níor áiríodh plean cur chun feidhme ná sraith gníomhartha san fhorléargas. Is amhlaidh a áirítear sraith moltaí ann, ach ní mhínítear an coigilteas costais a mheastar a bheidh ann de thoradh na moltaí sin. Thug an Roinn dá haire ina seisiún faisnéise inmheánach nár tugadh aghaidh san fhorléargas ar dhliteanais shuntasacha a bhí i seilbh an Iontaobhais.

**11.94** Mar sin féin, de thoradh obair an ghrúpa maoirseachta, tá faisnéis níos fearr ag an Roinn anois maidir leis an staid airgeadais laistigh den Iontaobhas, agus dá bhrí sin is fearr atá sí in ann raon roghanna a bhreithniú, lena n-áirítear má lorgaítear tuilleadh maoiniú eisceachtúil nó feabhsaithe.

## Iarscríbhinn 11A Measúnú na Roinne ar choinníollacha a bhaineann leis an maoiniú eisceachtúil, amhail an 17 Aibreán 2024[a]

| Tag. | Coinníoll | Measúnú na Roinne | Freagracht | Spriocdháta |
|---|---|---|---|---|
| **Faisnéis atá le cur ar fáil don Roinn agus do FDERBÁC** | | | | |
| **1** | Réamh-mheastacháin maidir le sreabhadh airgid i leith Ráithe 1 agus Ráithe 2 2024 a chur isteach. | | An tIontaobhas | 31 Nollaig 2023 |
| **2** | Réamh-mheastacháin maidir le sreabhadh airgid agus faisnéis maidir le húsáid an mhaoinithe eisceachtúil a chuirfear ar fáil go míosúil dá éis sin. | | An tIontaobhas | Go míosúil agus go leanúnach |
| **3** | Plean mionsonraithe athstruchtúraithe agus cuíchóirithe a chur ar fáil ina leagfar amach an chaoi a n-aistreoidh an tIontaobhas go staid atá inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de i gcoibhneas leis an maoiniú a bheidh ar fáil óna chomhpháirtithe maoinithe. | | An tIontaobhas | 31 Eanáir 2024 |
| **4** | Tuairisc ar dhul chun cinn a chur ar fáil ar an méid thuas agus ar na bearta a rinneadh i ndáil leis na coinníollacha thíos.[b] | | An tIontaobhas | Míosúil |
| **Sócmhainní an Iontaobhais** | | | | |
| **5** | Treoir a thabhairt dá aturnaetha coinnithe liosta/taifead a chur ar fáil ar gach tíolacas maoine arna dhéanamh ag an Iontaobhas nó thar a cheann, nó ag a chuideachtaí gaolmhara, nó daoine aonair le deich mbliana anuas. | | An tIontaobhas | Gan spriocdháta. |
| **6** | Gealladh gan maoin/sócmhainní a dhiúscairt gan toiliú an Aire. | | An tIontaobhas | N/B |

| Tag. | Coinníoll | Measúnú na Roinne | Freagracht | Spriocdháta |
|---|---|---|---|---|
| 7 | Forchoimeádann an tAire an ceart chun luach an mhaoinithe eisceachtúil a chuirtear ar fáil a aisghabháil, trí shócmhainní a aistriú, lena n-áirítear talamh/réadmhaoine neamhualaithe, nó trí bhíthin dara muirear a chruthú ar mhaoin atá faoi eire cheana féin. | | An Roinn | N/B |
| 8 | Leanúint den mhoratóir ar cheannach nó éadáil réadmhaoine, i gcomhréir leis an treoir ón Údarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe. | | An tIontaobhas | Ar bun |
| **Rialachas airgeadais** | | | | |
| 9 | Tá an tIontaobhas agus PwC ag obair le chéile chun a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí le creidiúnaithe a bhainistiú go dlúth agus go héifeachtach chun a chinntiú go dtugtar tosaíocht do sholáthar croí-sheirbhísí agus go gcoinnítear ar bun iad le linn na tréimhse cobhsaíochta. | | An tIontaobhas | Tréimhse chobhsaíochta |
| 10 | Aistriú ó íocaíochtaí ráithiúla go híocaíochtaí míosúla le haghaidh maoiniú faoi alt 10 tar éis na tréimhse cobhsaíochta chun maoirseacht fheabhsaithe ar eisíoc cistí a chinntiú.[b] | | FDEDRBÁC | Gan spriocdháta. |
| **Rialachas corparáideach** | | | | |
| 11 | An rialachas corparáideach agus na rialuithe inmheánacha a bhfuil coinne leo ó eagraíocht den mhéid seo, leanúint dá dtabhairt chun rialtachta (agus iad a leagan síos i gcás inar gá). | | An tIontaobhas | Gan spriocdháta. |
| 12 | An ganntanas scileanna inmheánacha ar leibhéal na Feidhmeannachta agus an Bhoird a shainaithint agus dul i mbun earcaíochta dá réir. | | An tIontaobhas | Gan spriocdháta. |
| 13 | Beirt Stiúrthóirí a cheapadh ar an mBord, arna n-ainmniú ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.[b] | | An Roinn | Gan spriocdháta. |
| 14 | A chinntiú go ndéantar struchtúir rialachais atá oiriúnach don fheidhm a chur i bhfeidhm agus a choinneáil ar bun. | | An tIontaobhas | Gan spriocdháta. |
| 15 | Leanúint d'aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i dtuarascálacha PwC, lena n-áirítear trí leanúint de na gníomhartha atá déanta cheana féin mar a leagtar amach thíos a chur chun feidhme. | | An tIontaobhas | Gan spriocdháta. |
| **Tionscadail chaipitil agus léasaithe** | | | | |
| 16 | Tionscadail atá fós le críochnú agus cinn atá ar bun lena ngabhann conarthaí tógála forghníomhaithe a thabhairt chun críche, chun a chinntiú go gcuirfear na tionscadail i gcrích mar a comhaontaíodh. | | An tIontaobhas | N/B |

| Tag. | Coinníoll | Measúnú na Roinne | Freagracht | Spriocdháta |
|---|---|---|---|---|
| **17** | Dul i mbun oibre le húdaráis áitiúla i ndáil le gach tionscadal caipitil agus léasaithe eile a bhaineann le tithíocht shóisialta agus cóiríocht éigeandála do dhaoine gan dídean, chun a chinntiú go gcuirfidh an t-údarás áitiúil gach togra den sórt sin chun cinn, go díreach nó trí rannpháirtíocht le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta eile de réir mar is iomchuí. | | An tIontaobhas | N/B |
| **Gníomhartha atá ar siúl cheana féin agus atá le cur i gcrích — láithreach nó sa ghearrthéarma (le cúnamh ó PwC):** | | | | |
| **18** | Ní dhéanfar ach oibreacha riachtanacha (i.e. deisiú agus cothabháil, oibreacha a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht) a chur i gcrích agus cuirfear stad le caiteachas caipitil neamhriachtanach agus le hearcaíocht. | | An tIontaobhas | N/B |
| **19** | Cuirfear córas ordaithe ceannaigh i bhfeidhm chun maoirseacht, faomhadh agus bainistíocht níos fearr ar chostais a chumasú chun ionaid chostais a chinntiú le haghaidh gach tionscadail. | | An tIontaobhas | Gan spriocdháta. |
| **20** | Déanfar athbhreithniú iomlán ar an gclár sócmhainní seasta chun a chinntiú gur léiriú cruinn é ar shócmhainní an Iontaobhais. | | An tIontaobhas | Gan spriocdháta. |
| **21** | Tabharfar isteach athbhreithniú iomlán ar smacht buiséadach agus costáil bhuiséadach agus bearta rialaithe mar chuid den ullmhúchán le haghaidh bhuiséad 2024. | | An tIontaobhas | Ullmhúcháin le haghaidh Bhuiséad 2024. |
| **22** | Dul i mbun comhair leis na himscrúduithe reachtúla uile atá ar bun. | | An tIontaobhas | N/B |
| **23** | Beidh an Comhairleoir reatha in oifig an Phríomhfheidhmeannaigh i gceannas ar phleanáil comharbais agus earcú Príomhfheidhmeannaigh a léireoidh méid, cuspóirí scála agus sainordú an Iontaobhais, agus tabharfaidh sé cúnamh i leith na nithe sin. | | An tIontaobhas | Gan spriocdháta. |
| **Gníomhartha atá ar siúl cheana féin agus atá le cur i gcrích — ar bhonn meántéarmach go fadtéarmach (le cúnamh ó PwC):** | | | | |
| **24** | Nósanna imeachta feabhsaithe um sholáthar a chur chun feidhme le haghaidh seirbhísí criticiúla. | | An tIontaobhas | Gan spriocdháta. |
| **25** | Déanfar costáil ar gach seirbhís. I gcás ina bhfuil easnamh ann sna línte buiséid, rachaidh an tIontaobhas i mbun plé le maoinitheoirí chun fiosrú a dhéanamh ar an acmhainneacht a bhaineann le comhaontuithe leibhéal seirbhíse a athshocrú. | | An tIontaobhas | Gan spriocdháta. |

| Tag. | Coinníoll | Measúnú na Roinne | Freagracht | Spriocdháta |
|---|---|---|---|---|
| **26** | Prótacail agus nósanna imeachta soiléire um bainistíocht agus maoirseacht a chur chun feidhme maidir le caiteachas ar shócmhainní, deisiúcháin ar shaoráidí agus cothabháil.[b] | ● | An tIontaobhas | Gan spriocdháta. |
| **27** | Plean seirbhíse bliantúil le forbairt bunaithe ar an straitéis agus tuairisceofar air sin don Bhord. | ● | An tIontaobhas | Gan spriocdháta. |
| **28** | Aontóidh an Bord agus déanfaidh sé an t-údarás cuí a tharmligean go foirmiúil chuig an bPríomhfheidhmeannach chun gnóthaí an Iontaobhais a bhainistiú agus tuairisc shoiléir ann ar na hábhair a n-éilítear faomhadh an Bhoird ina leith. | ● | An tIontaobhas | Gan spriocdháta. |
| **29** | Glacfaidh an fhoireann Bainistíochta comhfhreagracht as an mbuiséad agus déanfar freagracht buiséid ar leith a tharmligean chuig gach stiúrthóir. | ● | An tIontaobhas | Gan spriocdháta. |
| **30** | Déanfar réamh-mheastachán cruinn ar shreabhadh airgid agus tuairisceofar don Bhord air sin.[b] | ● | An tIontaobhas | Gan spriocdháta. |
| **31** | Beidh pleananna íocaíochta creidmheasa i bhfeidhm do na creidiúnaithe uile agus luas iomchuí fúthu.[b] | ● | An tIontaobhas | Gan spriocdháta. |
| **32** | Beidh admhálacha iomchuí ag gabháil le tiomsú airgid agus beidh sé i gcomhréir le ceanglais an Rialálaí Carthanas. | ● | An tIontaobhas | Gan spriocdháta. |

Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Stádas de réir na tuarascála ar dhul chun cinn a chuir an tIontaobhas isteach an 11 Márta 2024 agus arna thabhairt cothrom le dáta ag an Roinn an 17 Aibreán 2024.

b Thug an grúpa maoirseachta dá aire ag cruinniú an 28 Márta 2024 go raibh sé beartaithe aige faisnéis bhreise a lorg ón Iontaobhas maidir le comhlíonadh an choinníll seo.

. ● Curtha i gcrích ● Coinníoll comhlíonta go dtí seo ach fós ar bun ● Ar siúl ● Níl tús curtha leis

● Teagmhas teagmhasach